CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/559 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Aibreán 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 a mhéid a bhaineann leis an údarú arna dheonú don Pholainn leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 26 Iúil 2021, d'iarr an Pholainn údarú leanúint de de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE d'fhonn sásra um íocaíocht dheighilte a chur i bhfeidhm ("an beart speisialta"). Ceanglaítear leis an mbeart speisialta go n-áireofar ráiteas speisialta á rá go gcaithfear cáin bhreisluacha (CBL) a íoc isteach i gcuntas CBL blocáilte an tsoláthróra i dtaobh sonraisc arna n-eisiúint i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith calaoise agus a chumhdaítear go ginearálta le sásra aistrithe táillí agus le dliteanas comhpháirteach agus leithleach sa Pholainn. D'iarr an Pholainn go gcuirfí síneadh leis an mbeart speisialta ar feadh tréimhse 3 bliana, ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, chuir an Coimisiún an iarriadh arna déanamh ag an bPolainn faoi bhráid na mBallstát eile le litir dar dáta an 27 Deireadh Fómhair 2021. Le litir dar dáta an 28 Deireadh Fómhair 2021, thug an Coimisiún fógra don Pholainn go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

(3) De bhun Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle ([2]), chuir an Pholainn tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar foriomlán an bhirt speisialta ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach lena mbaineann le litir dar dáta an 29 Aibreán 2021.

(4) Tá an-chuid beart glactha ag an bPolainn cheana féin chun an chalaois a chomhrac. Thug síisteach, *inter alia*, an sásra aistrithe táillí agus dliteanas comhpháirteach agus leithleach an tsoláthróra agus an chustaiméara, an Comhad Iniúchóireachta Caighdeánach, rialacha níos déine maidir le clárú agus díchlárú daoine inchánach le haghaidh CBL, agus tá líon na n-iniúchtaí méadaithe ag an bPolainn. Mar sin féin, measann an Pholainn nach leor na bearta sin chun calaois CBL a chosc.

(5) Thug an Pholainn isteach an sásra roghnach um íocaíocht dheighilte an 1 Iúil 2018 agus an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte an 1 Márta 2019.

(6) Tá na na hearraí agus na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an bhirt speisialta liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 i gcomhréir le hAicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí 2008 (PKWiU 2008). Cuireadh Aicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí 2015 (PKWiU 2015) in ionad PKWiU 2008 ón 1 Iúil 2020. Faoi PKWiU 2015, athraíodh siombailí an aicmithe staidrimh agus ainmneacha eagarthóireachta earraí agus seirbhísí áirithe atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310. Cé nár tháinig aon athruithe ar raon feidhme na n-earraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an sásra éigeantach um íocaíochtaí deighilte mar thoradh ar PKWiU 2015 a chur in ionad PKWiU 2008, ba cheart an Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur ina hionad ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019 lena n-údaraítear don Pholainn beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 51, 22.2.2019, lch. 19).

(7) Leanfaidh an beart speisialta d'fheidhm a bheith aige maidir le soláthairtí earraí agus seirbhísí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 idir daoine inchánach, arna thabhairt cothrom le dáta agus arna ionadú leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, i soláthairtí gnólacht le gnólacht (B2B), agus ní chumhdófar leis an mbeart speisialta ach aistrithe bainc leictreonacha. Leanfaidh an beart speisialta d'fheidhm a bheith aige maidir le gach soláthróir, lena n-áirítear soláthróirí nach bhfuil bunaithe sa Pholainn.

(8) Deimhníodh sa tuarascáil a chuir an Pholainn isteach go mbaintear torthaí éifeachtacha amach sa chomhrac in aghaidh na calaoise cánach leis an mbeart speisialta le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise.

(9) Deonaítear údaraithe chun beart speisialta a chur i bhfeidhm go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun gur féidir leis an gCoimisiún a mheas an bhfuil an beart speisialta iomchuí agus éifeachtach nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur leis an údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 28 Feabhra 2025.

(10) I bhfianaise raon feidhme leathan an bhirt speisialta, ba cheart don Pholainn, i gcás ina n-iarrann sí síneadh breise leis an údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm, tuarascáil a thíolacadh i ndáil le feidhmiú agus éifeachtacht an bhirt speisialta ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach maidir le, *inter alia*, aisíocaíochtaí CBL, an t-ualach riaracháin agus na costais do dhaoine inchánach.

(11) Ní bheidh tionchar diúltach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bailíodh ag céim an tomhaltais deiridh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(12) D'fhonn a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí arna saothrú leis an mbeart speisialta, lena n-áirítear go gcuirfear an beart speisialta i bhfeidhm gan bhriseadh, agus lena soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an tréimhse chánach, is iomchuí údarú a dheonú chun síneadh a chur leis an mbeart speisialta le héifeacht ón 1 Márta 2022. Ós rud é gur iarr an Pholainn údarú an 26 Iúil 2021 chun leaniúnt den bheart speisialta a chur i bhfeidhm agus go bhfuil an córas dlí a bunaíodh faoina dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón 1 Márta 2022, urramaítear ionchais dhlisteanacha na ndaoine lena mbaineann mar is cuí.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"I gcás ina measann an Pholainn go bhfuil gá le síneadh a chur leis an mbeart dá dtagraítear in Airteagal 1, cuirfidh sí iarraidh ar shíneadh faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil maidir lena thionchar foriomlán ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach lena mbaineann".

(2) in Airteagal 3, an dara mír, cuirtear an dáta "28 Feabhra 2025" in ionad an dáta "28 Feabhra 2022".

(3) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an lá a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 5 Aibreán 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
B. LE MAIRE

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

Liosta soláthairtí earraí agus seirbhísí a chumhdaítear le hAirteagal 1

Beidh feidhm ag Airteagal 1 maidir leis na soláthairtí earraí agus seirbhísí seo a leanas a thuairiscítear de réir Aicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí (PKWiU 2015)

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
1	05.10.10.0	Antraicít
2	05.20.10.0	Lignít
3	ex 10.4	Olaí agus saillte ainmhíocha agus plandúla — ola ráibe go heisiach
4	19.10.10.0	Cóc agus leathchóc guail, ligníte nó móna; carbón freangáin
5	19.20.11.0	Brícíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as gual
6	19.20.12.0	Brícíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as lignít
7	ex 20.59.12.0	Eibleachtaí le haghaidh íogrú dromhchla lena n-úsáid sa ghrianghrafadóireacht; ullmhóidí ceimiceacha lena n-úsáid sa ghrianghrafadóireacht, nach n-aicmítear in áit ar bith eile - go heisiach tónóirí nach bhfuil ceann priontála orthu le haghaidh printéirí le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha
8	ex 20.59.30.0	Dúch clóscríobháin, dúch líníochta nó dúigh eile - go heisiach cartúis dúigh nach bhfuil ceann priontála orthu le haghaidh printéirí le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha
9	ex 22.21.30.0	Plátaí, leatháin, scannán, scragall, stiallóg agus stiallóga plaisteacha, nach bhfuil treisithe, lannaithe ná i gcumasc le hábhair eile - go heisiach scragall sínteach
10	24.10.12.0	Fearó-chóimhiotail
11	24.10.14.0	Muciarann agus muciarann scáthánach nó cruach, i bhfoirm gráinníní nó púdair
12	24.10.31.0	Earraí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail, atá teorollta, atá >= 600 mm ar leithead
13	24.10.32.0	Earraí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail, atá teorollta, atá < 600 mm ar leithead
14	24.10.35.0	Earraí cothromrollta cruach cóimhiotail eile, atá teorollta, atá >= 600 mm ar leithead, seachas táirgí cruach sileacain leictreonaí
15	24.10.36.0	Earraí cothromrollta cruach cóimhiotail eile, atá teorollta, atá < 600 mm ar leithead, seachas táirgí cruach sileacain leictreonaí
16	24.10.41.0	Earraí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail, atá fuar-rollta, atá >= 600 mm ar leithead
17	24.10.43.0	Earraí cothromrollta cruach cóimhiotail, atá fuar-rollta, atá >= 600 mm ar leithead, seachas táirgí cruach sileacain leictreonaí
18	24.10.51.0	Earraí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail, atá >= 600 mm ar leithead, atá cumhdaithe, plátáilte, nó brataithe
19	24.10.52.0	Earraí cothromrollta cruach cóimhiotail eile, atá >= 600 mm ar leithead, atá cumhdaithe, plátáilte, nó brataithe
20	24.10.61.0	Barraí agus slata, teo-rollta,, atá i gcornaí atá tochraiste go mírialta, de chruach neamh-chóimhiotail

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
21	24.10.62.0	Barraí agus slata cruach eile, atá gaibhnithe, teorollta, teo-tharraingthe nó easbhrúite, gan bheith oibrithe seachas sin, lena n-áirítear na cinn a gcuirtear casadh iontu tar éis a rollta
22	24.10.65.0	Barraí agus slata cruach cóimhiotail eile, atá teorollta, agus atá i gcornaí atá tochraiste go mírialta
23	24.10.66.0	Barraí agus slata cruach cóimhiotail eile, atá gaibhnithe, teorollta, teo-tharraingthe nó easbhrúite, agus gan bheith oibrithe seachas sin, lena n-áirítear na cinn a gcuirtear casadh iontu tar éis a rollta
24	24.10.71.0	Cónaisc oscailte cruach neamh-chóimhiotail, atá teorollta, teo-tharraingthe nó easbhrúite, agus gan bheith oibrithe seachas sin
25	24.10.73.0	Cónaisc oscailte cruach cóimhiotail eile, atá teorollta, teo-tharraingthe nó easbhrúite, agus gan bheith oibrithe seachas sin
26	24.20.11.0	Píobán líne cruach gan uaim den chineál a úsáidtear le haghaidh píblínte ola nó gáis
27	24.20.12.0	Cásáil, feadánra agus píobán druilire cruach gan uaim, den chineál a úsáidtear chun ola agus gás a dhruileáil
28	24.20.13.0	Feadáin agus píobáin cruach gan uaim eile, de thrasghearradh ciorclach
29	24.20.31.0	Píobán líne cruach den chineál a úsáidtear le haghaidh píblínte ola nó gáis, atá táthaithe agus arb é <= 406,4 mm a thrastomhas seachtrach
30	24.20.33.0	Feadáin agus píobáin cruach eile, de thrasghearradh ciorclach, atá táthaithe agus arb é <= 406,4 mm a dtrastomhas seachtrach
31	24.20.34.0	Feadáin agus píobáin cruach, a bhfuil trasghearradh neamhchiorclach iontu, atá táthaithe agus arb é <= 406,4 mm a dtrastomhas seachtrach
32	24.20.40.0	Feistis feadáin cruach nó feistis píobáin cruach, nach bhfuil teilgthe
33	24.31.10.0	Barraí, uillinneacha, cónaisc agus próifílí soladacha cruach neamh-chóimhiotail, atá fuartharraingthe
34	24.31.20.0	Barraí, uillinneacha, cónaisc agus próifílí soladacha cruach cóimhiotail eile, atá fuartharraingthe
35	24.32.10.0	Táirgí cruach comhréidhe neamhbhrataithe, atá fuar-rollta gan bheith oibrithe seachas sin, atá < 600 mm ar leithead
36	24.32.20.0	Táirgí cruach cothromrollta, atá fuar-rollta gan bheith oibrithe seachas sin, atá < 600 mm ar leithead, atá cumhdaithe, plátáilte, nó brataithe
37	24.33.11.0	Cónaisc oscailte cruach neamh-chóimhiotail, atá fuarfhoirmithe nó fuarfhillte
38	24.33.20.0	Leatháin easnacha cruach neamh-chóimhiotail
39	24.34.11.0	Sreang chruach neamh-chóimhiotail fhuartharraingthe
40	24.41.10.0	Airgead neamhshaoirsithe nó airgead i bhfoirm leathmhonaraithe nó i bhfoirm púdair
41	ex 24.41.20.0	Ór neamhshaoirsithe nó ór i bhfoirm leathmhonaraithe nó i bhfoirm púdair, seachas ór infheistíochta de réir bhrí Airteagal 121 den Ghníomh maidir le cáin earraí agus seirbhísí, faoi réir ítim 43
42	24.41.30.0	Platanam neamhshaoirsithe nó platanam i bhfoirm leathmhonaraithe nó i bhfoirm púdair
43	gan beann ar an tsiombail PKWiU	Ór infheistíochta de réir bhrí Airteagal 121 den Ghníomh maidir le cáin earraí agus seirbhísí
44	ex 24.41.40.0	Táirmhiotail nó airgead, atá plátáilte le hór, atá i bhfoirm leathmhonaraithe gan bheith oibrithe seachas sin - go heisiach airgead, atá plátáilte le hór, atá i bhfoirm leathmhonaraithe gan bheith oibrithe seachas sin

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
45	ex 24.41.50.0	Táirmhiotail atá plátáilte le hairgead agus táirmhiotail, airgead nó ór, atá plátáilte le platanam, atá i bhfoirm leathmhonaraithe gan bheith oibrithe seachas sin — go heisiach ór agus airgead, atá plátáilte le platanam, atá i bhfoirm leathmhonaraithe gan bheith oibrithe seachas sin
46	24.42.11.0	Alúmanam neamhshaoirsithe
47	24.43.11.0	Luaidhe neamhshaoirsithe
48	24.43.12.0	Sinc neamhshaoirsithe
49	24.43.13.0	Stán neamhshaoirsithe
50	24.44.12.0	Copar, neamh-mhínghlanta; anóidí copair le haghaidh mínghlanadh leictrealaíoch
51	24.44.13.0	Copar mínghlanta agus cóimhiotail chopair, atá neamhshaoirsithe; príomh-chóimhiotail chopair
52	24.44.21.0	Púdair agus calóga copair agus a chóimhiotal
53	24.44.22.0	Barraí plánacha, slata, cónaisc agus slat sreinge copair agus a chóimhiotal
54	24.44.23.0	Sreanga copair agus a chóimhiotal
55	24.45.11.0	Nicil neamhshaoirsithe
56	ex 24.45.30.0	Miotail agus táirgí neamhfheiriúla eile atá déanta as an ábhar céanna; ceirméid; luaithreach agus iarmhair ina bhfuil miotail agus cumaisc mhiotail — go heisiach fuíoll agus dramhaíl miotail neamhlómhair
57	ex 25.11.23.0	Struchtúir eile agus páirteanna de struchtúir; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna agus a leithéidí, atá déanta as iarann, cruach nó alúmanam — go heisiach iad atá déanta as cruach
58	ex 25.93.13.0	Éadach, gríoscáin, líontán agus fálú iarainn, cruach nó sreinge copair; miotal leata iarainn, cruach nó copair — go heisiach miotal leata cruach
59	ex 26.11.30.0	Ciorcaid iomlánaithe leictreonacha — go heisiach próiseálaithe
60	26.20.1	Ríomhairí agus meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha agus páirteanna agus gabhálais lena n-aghaidh
61	ex 26.20.21.0	Aonaid chuimhne — go heisiach tiomántáin chrua (HDDanna)
62	ex 26.20.22.0	Gairis stórála soladstaide — go heisiach SSDanna
63	ex 26.30.22.0	Gutháin cheallacha nó líonraí eile gan sreang — go heisiach gutháin phóca, lena n-áirítear gutháin chliste
64	26.40.20.0	Glacadóirí teilifíse, bídís comhcheangailte le glacadóirí craolta raidió nó gairis taifeadta nó atáirgthe fuaime nó físe nó ná bídís
65	ex 26.40.60.0	Consóil cluichí físeáin (amhail iad sin a úsáidtear le teilifíseán nó le scáileán neamhspleách) agus fearas eile cluichí físeáin nó cluichí áidh a bhfuil taispeáint leictreonach acu - seachas páirteanna agus gabhálais
66	26.70.13.0	Ceamaraí digiteacha agus ceamthaifeadáin dhigiteacha
67	27.20.2	Taisc-chealla leictreacha agus páirteanna díobh
68	28.11.41.0	Páirteanna le haghaidh innill dócháin inmheánaigh spréach-adhainte, seachas páirteanna le haghaidh innill aerárthaigh
69	ex 28.23.22.0	Páirteanna agus gabhálais le haghaidh meaisíní oifige – go heisiach cartúis dúigh agus cinn phriontála le haghaidh printéirí le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha, tónóirí a bhfuil ceann priontála orthu le haghaidh printéirí le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
70	ex 29.31.10.0	Seolta cábla adhainte agus tacair eile sreangaithe de chineál a úsáidtear i bhfeithiclí, in aerárthaí nó in árthaí uisce – go heisiach seolta cábla adhainte agus tacair eile sreangaithe de chineál a úsáidtear i bhfeithiclí
71	29.31.21.0	Spréachphlocóidí; maignéatónna adhainte; maignéató-dineamónna; rotha lústair maighnéadacha; dáileoirí; cornaí adhainte
72	29.31.22.0	Mótair dhúisithe agus gineadóirí dúisithe dhá fheidhm; gineadóirí eile agus trealamh eile le haghaidh innill dhócháin
73	29.31.23.0	Trealamh comharthaíochta leictreach, gaothscáth, díreoáin agus dínéaltóirí le haghaidh mótarfheithiclí
74	29.31.30.0	Páirteanna de threalamh leictreach eile le haghaidh mótarfheithiclí
75	29.32.20.0	Criosanna suíocháin slándála, málaí aeir agus páirteanna agus gabhálais cabhlacha
76	29.32.30.0	Páirteanna agus gabhálais le haghaidh mótarfheithiclí nach n-aicmítear in áit ar bith eile, seachas gluaisrothair
77	30.91.20.0	Páirteanna agus gabhálais gluaisrothar agus taobhcharranna
78	ex 32.12.13.0	Seodra agus seodra eile mar aon le páirteanna díobh, atá déanta as miotas lómhar nó atá plátáilte le miotal lómhar - go heisiach páirteanna de sheodra agus páirteanna de sheodra óir, airgid agus platanaim eile, i.e. seodra neamhchríochnaithe nó neamhiomlán agus páirteanna sonracha de sheodra, lena n-áirítear páirteanna atá cumhdaithe nó plátáilte le miotal lómhar
79	38.11.49.0	Feithiclí, ríomhairí, teilifíseáin agus gairis athláimhe eile atá beartaithe lena ndiúscairt
80	38.11.51.0	Dramhaíl ghloine
81	38.11.52.0	Dramhaíl pháipéir agus chairtchláir
82	38.11.54.0	Dramhaíl eile rubair
83	38.11.55.0	Dramhaíl phlaistigh
84	38.11.58.0	Dramhaíl ina bhfuil miotal seachas dramhaíl ghuaiseach
85	38.12.26.0	Dramhaíl ghuaiseach mhiotail
86	38.12.27	Dramhaíl agus cealla leictreacha agus taisc-chealla lochtacha; cealla galbhánacha agus ceallraí agus taisc-chealla leictreacha atá ídithe
87	38.32.2	Amhábhair thánaisteacha mhiotail
88	38.32.31.0	Amhábhar tánaisteach gloine
89	38.32.32.0	Amhábhar tánaisteach páipéir agus cairtchláir
90	38.32.33.0	Amhábhar tánaisteach plaistigh
91	38.32.34.0	Amhábhar tánaisteach rubair
92		Peitreal, díosal, ola, gás breosla — de réir bhrí na bhforálacha maidir le dleacht mháil
93		Ola théite agus ola bhealaithe — de réir bhrí na bhforálacha maidir le dleacht mháil
94	ex 58.29.11.0	Pacáistí bogearraí le haghaidh córais oibriúcháin — go heisiach SSD
95	ex 58.29.29.0	Pacáistí bogearraí eile — go heisiach SSDanna
96	ex 59.11.23.0	Físeáin eile agus fístaifeadtaí ar dhioscaí, téipeanna maighnéadacha agus meáin chomhchosúla — go heisiach SSDanna

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
97	gan beann ar an tsiombail PKWiU	Seirbhísí aistrithe lamháltas astaíochtaí GCT dá dtagraítear sa Ghníomh an 12 Meitheamh 2015 maidir leis an gCóras Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (Irisleabhar Oifigiúil 2021, ítim 332)
98	41.00.3	Obair foirgníochta ar fhoirgnimh chónaithe (oibreacha maidir le foirgnimh nua a thógáil, foirgnimh atá ann cheana a atógáil nó a athchóiriú)
99	41.00.4	Obair foirgníochta ar fhoirgnimh neamhchónaithe (oibreacha maidir le foirgnimh nua a thógáil, foirgnimh atá ann cheana a atógáil nó a athchóiriú)
100	42.11.20.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil mótarbhealaí, bóithre, sráideanna agus bóithre eile le haghaidh feithiclí agus coisithe agus le tógáil rúidbhealaí
101	42.12.20.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil iarnród agus íosbhealaí
102	42.13.20.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil droichead agus tollán
103	42.21.21.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil píblínte tarchuir
104	42.21.22.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil líonraí dáileacháin, lena n-áirítear oibreacha cúnta
105	42.21.23.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil córas uisciúcháin (séaraigh), línte bus agus uisce, saoráidí le haghaidh cóireáil uisce agus cóireáil séarachais agus stáisiún caidéil
106	42.21.24.0	Oibreacha a bhaineann le toibreacha agus iontógálacha uisce a dhruileáil agus dabhcha séarachais a shuiteáil
107	42.22.21.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil línte tarchurtha teileachumarsáide agus cumhachta
108	42.22.22.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil línte dáileacháin teileachumarsáide agus cumhachta
109	42.22.23.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil stáisiún cumhachta
110	42.91.20.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil calaí, calafort, dambaí, loc agus saoráidí hidritheicniúla gaolmhara
111	42.99.21.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil saoráidí táirgeachta agus saoráidí mianadóireachta
112	42.99.22.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil staideanna agus páirceanna spóirt
113	42.99.29.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil struchtúr innealltóireachta sibhialta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
114	43.11.10.0	Oibreacha a bhaineann le foirgnimh a scartáil
115	43.12.11.0	Oibreacha a bhaineann leis an láithreán a ullmhú le haghaidh foirgníochta, seachas oibreacha créafóige
116	43.12.12.0	Oibreacha créafóige: tochailt, tochailt díog agus jabanna crécharta
117	43.13.10.0	Oibreacha a bhaineann le tochailt agus le druileáil innealtóireachta geolaíche
118	43.21.10.1	Oibreacha a bhaineann le suiteálacha sábháilteachta leictreacha a chur i gcrích
119	43.21.10.2	Oibreacha a bhaineann le suiteálacha leictreacha eile a chur chun feidhme
120	43.22.11.0	Oibreacha a bhaineann le hoibreacha pluiméireachta agus draenála a chur i gcrích
121	43.22.12.0	Oibreacha a bhaineann le córais téimh, aerála agus aerchóiriúcháin a chur i gcrích

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
122	43.22.20.0	Oibreacha a bhaineann le suiteálacha gáis a chur i gcrích
123	43.29.11.0	Obair inslithe
124	43.29.12.0	Sconsaí a shuiteáil
125	43.29.19.0	Oibreacha suiteála eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
126	43.31.10.0	Oibreacha plástrála
127	43.32.10.0	Obair shuiteála le haghaidh na siúinéireachta
128	43.33.10.0	Oibreacha a bhaineann le hurláir a leagan agus le héadan a chur ar bhallaí
129	43.33.21.0	Oibreacha a bhaineann le terrazzo, marmar, eibhear nó slinn a leagan ar urláir agus ar bhallaí
130	43.33.29.0	Oibreacha eile a bhaineann le hurláir a leagan agus le ballaí (lena n-áirítear páipéar balla a chrochadh) nach n-aicmítear in áit ar bith eile
131	43.34.10.0	Oibreacha péinteála
132	43.34.20.0	Oibreacha déanta gloine
133	43.39.11.0	Oibreacha a bhaineann leis an maisiúchán
134	43.39.19.0	Oibreacha a bhaineann le hoibreacha críochnaithe eile a chur i gcrích nach n-aicmítear in áit ar bith eile
135	43.91.11.0	Oibreacha a bhaineann le struchtúir dín a thógáil
136	43.91.19.0	Oibreacha a bhaineann le hobair dín eile
137	43.99.10.0	Oibreacha a bhaineann le hinsliú taisdíonach agus uiscedhíonach a shuiteáil
138	43.99.20.0	Oibreacha a bhaineann le scafall a chóimeáil agus a dhíchóimeáil
139	43.99.30.0	Oibreacha a bhaineann le dúshraitheanna a thógáil, lena n-áirítear pílí a shá
140	43.99.40.0	Oibreacha coincréite
141	43.99.50.0	Oibreacha a bhaineann le struchtúir mhiotail a thógáil
142	43.99.60.0	Oibreacha a bhaineann le struchtúir bhríce agus chloiche a thógáil
143	43.99.70.0	Oibreacha a bhaineann le struchtúir réamhdhéanta a chóimeáil agus a thógáil
144	43.99.90.0	Oibreacha a bhaineann le hoibreacha speisialaithe eile a dhéanamh nach n-aicmítear in áit ar bith eile
145	45.31.1	Seirbhísí trádála le haghaidh páirteanna agus gabhálais mótarfheithiclí, seachas gluaisrothair
146	45.32.1	Seirbhísí trádála miondíola siopaí speisialaithe le haghaidh páirteanna agus gabhálais mótarfheithiclí, seachas gluaisrothair
147	45.32.2	Seirbhísí trádála miondíola eile le haghaidh páirteanna agus gabhálais mótarfheithiclí, seachas gluaisrothair
148	ex 45.40.10.0	Seirbhísí trádála mórdhíola gluaisrothar agus páirteanna gaolmhara agus gabhálas gaolmhar — go heisiach páirteanna agus gabhálais le haghaidh gluaisrothar a dhíol
149	ex 45.40.20.0	Seirbhísí trádála miondíola siopaí gluaisrothar agus páirteanna gaolmhara agus gabhálas gaolmhar — go heisiach páirteanna agus gabhálais le haghaidh gluaisrothar a dhíol
150	ex 45.40.30.0	Seirbhísí trádála miondíola eile le haghaidh gluaisrothar agus páirteanna gaolmhara agus gabhálais ghaolmhara — go heisiach páirteanna agus gabhálais le haghaidh gluaisrothar a mhiondíol.”